# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 176

An t-eagrán Gaeilge — Reachtaíocht

Imleabhar 66

11 Iúil 2023

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE) 2023/1433 ón gComhairle an 10 Iúil 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/44 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia** ..... 1

★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1434 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2023 lena leasaítear, chun é a oiriúnú do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán a mhéid a bhaineann le nótaí a chur le Cuid 1, roinn 1.1.3., d'Iarscríbhinn VI** ([1]) ..... 3

★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1435 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán a mhéid a bhaineann le modhnú iontrálacha i gCuid 3 d'Iarscríbhinn VI le haghaidh aigéad 2-eitilheacsánóch agus a shalainn, aigéad bórach, trí-ocsaíd débhóróin, heaptocsaíd déshóidiam teitreabóróin hiodráit, teitreabóráit déshóidiam, ainhidriúil, aigéad ortabórach, salann sóidiam, deacaihiodráit teitreabóráite déshóidiam agus peintihiodráit teitreabóróin déshóidiam** ([1]) ..... 6

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1436 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2023 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí démhocsastróibin, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408 ón gCoimisiún** ([1]) ..... 10

TREORACHA

★ **Treoir Tarmligthe (AE) 2023/1437 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2023 lena leasaítear, chun í a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine maidir le mearcair i dtrasduchtóirí brú leáite le haghaidh réiméadair ribeacha faoi choinníollacha áirithe** ([1]) ..... 14

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

★ **Treoir Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1438 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2023 lena leasaítear Treoracha 2003/90/CE agus 2003/91/CE a mhéid a bhaineann leis na prótacail chun scrúdú a dhéanamh ar chineálacha áirithe speiceas plandaí talmhaíochta agus speiceas glasraí** [1] ................ 17

CINNTÍ

★ **Cinneadh (CBES) 2023/1439 ón gComhairle an 10 Iúil 2023 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia** ....................... 26

★ **Cinneadh (CBES) 2023/1440 ón gComhairle an 10 Iúil 2023 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Ghána** .................................................. 28

(1) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2023/1433 ÓN gCOMHAIRLE
## an 10 Iúil 2023
## lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/44 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Feabhra 2011, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe 1970 (2011), lena bhforchuirtear trádbhac arm ar an Libia.

(2) I Rún 2292 (2016) uaithi, d'údaraigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Stáit, ag gníomhú dóibh go náisiúnta nó trí eagraíochtaí réigiúnacha, cigireacht a dhéanamh ar shoithí ar an mórmhuir amach ó chósta na Libia, ar soithí iad a bhfuil forais réasúnacha acu lena chreidiúint go bhfuil airm nó ábhar gaolmhar á n-iompar acu chuig an Libia nó ón Libia, go díreach nó go hindíreach, de shárú ar thrádbhac arm na Náisiún Aontaithe ar an Libia, agus chinn sí go ndéanfaidh Stáit, a luaithe a aimseofar ítimí arna dtoirmeasc leis an trádbhac arm ar an Libia le linn na gcigireachtaí sin, na hítimí sin a urghabháil agus a dhiúscairt.

(3) Le Cinneadh (CBES) 2020/472 ([2]), foráiltear go bhfuil sé de phríomhchúram ar oibríocht chabhlaigh an Aontais EUNAVFOR MED IRINI rannchuidiú le trádbhac arm na Náisiún Aontaithe ar an Libia a chur i bhfeidhm.

(4) Chun na críche sin, foráiltear le hAirteagal 2(3) de Chinneadh (CBES) 2020/472, i gcomhréir leis na Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, mar shampla Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus Rún 2473 (2019) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus go háirithe Rún 2292 (2016) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe , agus de réir mar a cheanglaítear sin, go ndéanfaidh EUNAVFOR MED IRINI, laistigh den Limistéar Oibríochta arna chomhaontú ar an mórmhuir amach ó chósta na Libia, cigireachtaí ar shoithí atá ag triall ar an Libia nó ón Libia i gcás ina mbeidh forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil airm nó ábhar gaolmhar á n-iompar ag na soithí sin chuig an Libia nó ón Libia, go díreach nó go hindíreach, de shárú ar an trádbhac arm ar an Libia, agus go bhfuil EUNAVFOR MED IRINI le gníomhaíocht ábhartha a dhéanamh chun na hítimí sin a urghabháil agus a dhiúscairt.

(5) Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 2(5) de Chinneadh (CBES) 2020/472, i bhfianaise na gceanglas eisceachtúil oibríochtúil, agus arna iarraidh sin do Bhallstát, go bhféadfaidh EUNAVFOR MED IRINI soithí a atreorú chuig calafoirt de chuid an Bhallstáit sin, agus airm agus ábhar gaolmhar atá urghafa aige a dhiúscairt, lena n-áirítear trína stóráil, trína scriosadh nó trína n-aistriú chuig Ballstát nó chuig tríú páirtí. Foráiltear leis freisin go bhféadfar diúscairt

([1]) IO L 206, 1. 8. 2015, lch. 34.
([2]) Cinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) (IO L 101, 1. 4. 2020, lch. 4).

arm agus ábhair ghaolmhair arna n-urghabháil a bhaint amach le cúnamh ó Bhallstát, a gheallfaidh na nósanna imeachta riachtanacha a chur i gcríoch a luaithe is féidir le go mbeifear in ann na hítimí arna n-urghabháil a dhiúscairt, faoi chuimsiú an dlí agus na nósanna imeachta is infheidhme.

(6) Le Cinneadh (CBES) 2023/1439 ón gComhairle ([3]), tugtar isteach foráil i gCinneadh (CBES) 2015/1333 go gceanglaítear ar an mBallstát sin na bearta is gá a dhéanamh chun an diúscairt a éascú thar ceann EUNAVFOR MED IRINI, is é sin an diúscairt arm agus ábhair ghaolmhair arna n-urghabháil ag EUNAVFOR MED IRINI ar an mórmhuir i gcomhréir lena shainordú.

(7) D'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na forála sin a áirithiú i ngach Ballstát, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais.

(8) Le Rialachán (AE) 2016/44 ([4]), tugtar éifeacht do Chinneadh (CBES) 2015/1333. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2016/44 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/44 mar a leanas:

Cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach i Rialachán (AE) 2016/44:

'*Airteagal 22a*

1. Maidir le Ballstát a thugann cúnamh do EUNAVFOR MED IRINI i gcomhréir le hAirteagal 2(5) de Chinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle (*), déanfaidh sé na bearta is gá chun airm nó ábhar gaolmhar a dhiúscairt thar ceann EUNAVFOR MED IRINI, lena n-áirítear earraí agus teicneolaíocht a chumhdaítear le Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh, a iompraítear ar an mórmhuir de shárú ar an toirmeasc dá dtagraítear in Airteagal 5a(1) de Chinneadh (CBES) 2015/1333, agus arna n-urghabháil ag EUNAVFOR MED IRINI ar an mórmhuir de bhun Airteagal 2(3) de Chinneadh (CBES) 2020/472.

2. Féadfar an diúscairt dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh, go háirithe, trí na hítimí sin a scriosadh, rud a chuirfeadh as feidhm iad, nó trína n-úsáid a cheadú, lena n-áirítear a n-úsáid ag tríú páirtí, agus an tráth céanna, cosc a chur ar a n-aistriú ina dhiaidh sin chuig an Libia nó chuig aon tríú tír eile a ndéantar aistriú arm nó ábhair ghaolmhara chuici a thoirmeasc.

(*) Cinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) (IO L 101, 1.4.2020, lch. 4).'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Iúil 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
P. NAVARRO RÍOS

([3]) Cinneadh (CBES) 2023/1439 ón gComhairle an 10 Iúil 2023 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia (Féach leathanach 26 den Iris Oifigiúil seo).

([4]) Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle an 18 Eanáir 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 204/2011 (IO L 012, 19. 1. 2016, lch. 1).

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/1434 ÓN gCOIMISIÚN

## an 25 Aibreán 2023

## lena leasaítear, chun é a oiriúnú do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán a mhéid a bhaineann le nótaí a chur le Cuid 1, roinn 1.1.3., d'Iarscríbhinn VI

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 53(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gCuid 1, roinn 1.1.3., d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, tá liosta de na nótaí a fhéadfar a shannadh d'iontráil aicmithe agus lipéadaithe chomhchuibhithe amháin nó níos mó agus a bhaineann le substaintí a shainaithint, a aicmiú agus a lipéadú chomh maith le haicmiú agus lipéadú meascán.

(2) Sa tuairim uaidh an 11 Meitheamh 2020 maidir le haigéad 2-eitileacsánóch agus a shalainn ([2]), mhol an Coiste um Measúnú Riosca (RAC) faoin nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán nóta nua a chur le Cuid 1, roinn 1.1.3., d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, chun a shoiléiriú nach mbunaítear an t-aicmiú lena gcumhdaítear grúpa substaintí san iontráil chéanna ach ar airíonna guaiseacha na coda sin den tsubstaint is coiteann do gach substaint san iontráil sin. De réir RAC, i gcás na gcodanna neamhchoiteanna de shubstaint, is gá a mheas an bhféadfadh sé go mbeadh gá le haicmiú níos déine (catagóir níos airde) maidir lena n-airíonna guaiseacha nó le haicmiú níos leithne (lena n-áirítear difreáil bhreise, spriocorgáin agus/nó ráitis ghuaise) le haghaidh na haicme guaise céanna. Ba cheart, dá bhrí sin, nóta nua X a chur le Cuid 1, roinn 1.1.3. d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) 1272/2008. Ós rud é gur dócha go sannfar an nóta sin do shubstaintí eile a bhfuil na hairíonna céanna acu amach anseo, ba cheart an fhoclaíocht chuí a úsáid sa chaoi nach mbeidh sé teoranta don iontráil shonrach sin.

(3) Sa tuairim ó RAC an 20 Meán Fómhair 2019 maidir le haigéad bórach; trí-ocsaíd débhioróin, heaptocsaíd déshóidiam teitreabóróin hiodráit; teitreabóráit dhéshóidiam ainhidriúil, aigéad ortóbórach, salann sóidiam, deacaihiodráit teitreabóráite déshóidiam, peintihiodráit teitreabóráite déshóidiam, ([3]) agus sa tuairim ó RAC an 11 Meitheamh 2020 maidir le haigéad 2-eitileacsánóch agus a shalainn, tugadh tuairisc ar fhianaise eolaíoch go bhfuil tocsaineacht atáirgthe gach ceann de na substaintí sin mar thoradh ar eintiteas móilíneach is coiteann do shubstaintí uile an ghrúpa shonraigh. Agus tograí á mbreithniú maidir le haicmiú comhchuibhithe comhdhúl bóróin áirithe agus aigéid 2-eitileacsánóch agus a shalann, d'iarr saineolaithe ó na Ballstáit a ndeachthas i gcomhairle leo sa ghrúpa saineolaithe CARACAL (Údaráis Inniúla maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus

([1]) IO L 353, 31.12.2008, lch. 1.
([2]) https://echa.europa.eu/documents/10162/8740de5b-368d-55a7-7955-094ef602d760
([3]) https://echa.europa.eu/documents/10162/584263da-199c-f86f-9b73-422a4f22f1c3

Srianadh Ceimiceán (REACH) agus maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP)) nótaí nua a chur isteach i gCuid 1, roinn 1.1.3.2., d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. De réir an phlé a rinneadh sa ghrúpa saineolaithe CARACAL, tá gá leis na nótaí sin chun gur féidir guais na meascán a shainaithint ar bhealach níos cruinne, meascán ina bhfuil roinnt substaintí atá san 'iontráil ghrúpa' chéanna. Ba cheart feidhm a bheith ag prionsabal na suimitheachta maidir le substaintí ar mar gheall ar eintiteas móilíneach comhchoiteann a bheith iontu, nó cruthú eintitis mhóilínigh chomhchoiteann a mbaineann guais leo. Mar thoradh air sin, is gá an méid a chuireann na substaintí sin le hairí guaiseach foriomlán an mheascáin i gcomhréir lena dtiúchan a chur san áireamh, trí chomparáid a dhéanamh idir an teorainn chineálach nó an sainteorainn tiúchana is infheidhme agus suim thiúchan na substaintí atá ann. Dá bhrí sin, ba cheart dhá nóta nua, nótaí 11 agus 12, a chur le Cuid 1, roinn 1.1.3.2., d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) 1272/2008. Ós rud é gur cheart nóta 11 a shannadh d'aigéid bhóracha agus dá salainn, agus do chomhdhúile bóracha eile a scaoileann aigéad bórach/bóráit, i bhfianaise shainiúlacht na n-iontrálacha lena mbaineann ba cheart an fhoclaíocht chuí a úsáid sa chaoi go mbainfidh sé go sonrach leis na hiontrálacha sin. Ós rud é gur dócha go sannfar nóta 12 amach anseo do shubstaintí seachas aigéad 2-eitileacsánóch agus a shalainn, ba cheart an fhoclaíocht chuí a úsáid sa chaoi nach mbeidh sé teoranta don iontráil shonrach sin.

(4) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008**

Leasaítear Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Aibreán 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Cuid 1 d’Iarscríbhinn VI mar a leanas:

(1) i roinn 1.1.3.1. a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, cuirtear isteach an nóta X seo a leanas:

“Nóta X:

Ní bhunaítear an t-aicmiú le haghaidh na n-aicmithe guaise san iontráil seo ach ar airíonna guaiseacha na coda den tsubstaint atá coiteann do gach substaint san iontráil. Braitheann airíonna guaiseacha aon substainte san iontráil ar airíonna na coda den tsubstaint nach bhfuil coiteann do gach substaint sa ghrúpa. Ní mór meastóireacht a dhéanamh ar an dara cás thuas chun a mheas an bhféadfadh feidhm a bheith ag aicmithe níos déine (i.e. catagóir níos airde) nó raon feidhme níos leithne de chuid an aicmithe chéanna (difreáil bhreise, spriocorgáin agus/nó ráitis ghuaise) maidir leis na haicmithe guaise san iontráil.”;

(2) i roinn 1.1.3.2., cuirtear isteach na nótaí 11 agus 12 seo a leanas:

“Nóta 11:

Tá gá le meascáin a aicmiú mar thocsain atáirgthe más ≥ 0,3 % suim na dtiúchan de chomhdhúile bóróin aonair a aicmítear mar thocsain atáirgthe sa mheascán mar a chuirtear ar an margadh é.

Nóta 12:

Tá gá le meascáin a aicmiú mar thocsain atáirgthe más rud é go bhfuil suim na dtiúchan de shubstaintí aonair a chumhdaítear leis an iontráil seo sa mheascán mar a chuirtear ar an margadh é cothrom leis an teorainn chineálach tiúchana is infheidhme don chatagóir sannta, nó le sainteorainn tiúchana a thugtar san iontráil seo, nó os a cionn.”.

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/1435 ÓN gCOIMISIÚN

## an 2 Bealtaine 2023

## lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán a mhéid a bhaineann le modhnú iontrálacha i gCuid 3 d'Iarscríbhinn VI le haghaidh aigéad 2-eitilheacsánóch agus a shalainn, aigéad bórach, trí-ocsaíd débhóróin, heaptocsaíd déshóidiam teitreabóróin hiodráit, teitreabóráit déshóidiam, ainhidriúil, aigéad ortabórach, salann sóidiam, deacaihiodráit teitreabóráite déshóidiam agus peintihiodráit teitreabóróin déshóidiam

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 37(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I dTábla 3 de Chuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, tá liosta an aicmithe agus lipéadaithe chomhchuibhithe ar shubstaintí guaiseacha arna bhunú ar na critéir a leagtar amach i gCodanna 2 go 5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.

(2) Cuireadh tograí faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') de bhun Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, tograí lenar moladh aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe ar shubstaintí áirithe a thabhairt isteach agus an t-aicmiú agus an lipéadú comhchuibhithe ar shubstaintí áirithe eile a nuashonrú nó a scriosadh. Ghlac Coiste um Measúnú Riosca (RAC) na Gníomhaireachta tuairimí maidir leis na tograí sin, agus sula ndearna sé sin thug sé san áireamh na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe lena mbaineann.

(3) Sa tuairim ó RAC an 20 Meán Fómhair 2019 maidir le haigéad bórach, trí-ocsaíd débhóróin, heaptocsaíd déshóidiam teitreabóróin, hiodráit, teitreabóráit déshóidiam, ainhidriúil, aigéad ortabórach, salann sóidiam, deacaihiodráit teitreabóráite déshóidiam agus peintihiodráit teitreabóráite déshóidiam ([2]), agus sa tuairim ó RAC an 11 Meitheamh 2020 maidir le haigéad 2-eitilheacsánóch agus a shalainn ([3]), tugtar tuairisc ar fhianaise eolaíoch lena léirítear gurb í is cúis le tocsaineacht atáirgthe gach ceann de na grúpaí substaintí sin beith mhóilíneach atá sna baill uile den ghrúpa substaintí. Saineolaithe na mBallstát a ndeachthas i gcomhairle leo i ngrúpa saineolaithe CARACAL an Choimisiúin (Údaráis Inniúla um Cheimiceáin a Chlárú, a Mheasúnú, a Údarú agus a Shrianadh (REACH) agus um Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP)), d'iarr siad dá bhrí sin go gcuirfí nótaí leis na hiontrálacha a bhaineann leis na grúpaí substaintí dá dtagraítear sna tuairimí sin ó RAC in 2019 agus in 2020, chun aghaidh a thabhairt ar an gcás ina bhfuil roinnt substaintí a bhaineann le ceann amháin de na grúpaí sin i láthair le chéile i meascán agus chun foráil a dhéanamh go gcuirfear an uasteorainn tiúchana chun an meascán a aicmiú i gcomparáid le suim thiúchan na substaintí sin. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1434 an 25 Aibreán 2023 ón gCoimisiún lena leasaítear, chun í a oiriúnú do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán a mhéid a bhaineann le nótaí a chur le Cuid 1, roinn 1.1.3, d'Iarscríbhinn VI ([4]), cuireadh na nótaí sin le Cuid 1, roinn 1.1.3.2, d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, mar nóta 11 agus nóta 12. Is iomchuí, dá bhrí sin, tagairt do nóta 11 a chur leis na hiontrálacha le haghaidh aigéad bórach, trí-ocsaíd débhóróin, heaptocsaíd déshóidiam teitreabóróin, hiodráit, teitreabóráit déshóidiam, ainhidriúil, aigéad ortabórach, salann sóidiam, deacaihiodráit teitreabóráite déshóidiam agus peintihiodráit teitreabóráite déshóidiam agus tagairt do nóta 12 a chur leis an iontráil le haghaidh aigéad 2-eitilheacsánóch agus a shalainn.

([1]) IO L 353, 31.12.2008, lch. 1.
([2]) https://echa.europa.eu/documents/10162/584263da-199c-f86f-9b73-422a4f22f1c3
([3]) https://echa.europa.eu/documents/10162/8740de5b-368d-55a7-7955-094ef602d760
([4]) Féach lch. 3 den Iris Oifigiúil.

(4) Sa tuairim an 11 Meitheamh 2020 maidir le haigéad 2-eitilheacsánóch agus a shalainn, mhol RAC nóta a chur leis an iontráil sin, chun aghaidh a thabhairt ar an bhféidearthacht go bhféadfadh sé, cé go mbunaítear an iontráil le haghaidh an ghrúpa substaintí sin ar airíonna tocsaineacha coda coitinne de na substaintí, gur gá cuid eile substaintsonrach de na substaintí a aicmiú i gcatagóir níos airde nó in aicme lena mbaineann raon feidhme níos leithne e.g. lena n-áirítear difreáil bhreise, orgáin sprice agus/nó ráitis ghuaise, le haghaidh substaintí áirithe san iontráil. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1434 ón gCoimisiún mar nóta X. Is iomchuí, dá bhrí sin, tagairt do nóta X a chur leis an iontráil a bhaineann le haigéad 2-eitilheacsánóch agus a shalainn.

(5) Mhol saineolaithe ó na Ballstáit is baill de ghrúpa saineolaithe CARACAL a ndeachthas i gcomhairle leo gur cheart nóta A atá ann faoi láthair a bheith infheidhme maidir le haigéad 2-eitilheicséanóch agus a shalainn. I gcás substaintí a chumhdaítear le hiontráil lena ngabhann tuairisc ghinearálta, amhail 'comhdhúile…' nó 'salainn…', forordaítear le Nóta A go gceanglófar ar an soláthróir an t-ainm ceart a lua ar an lipéad. Toisc go bhfuil tuairisc ghinearálta den sórt sin san iontráil maidir le haigéad 2-eitilheicséanóch agus a shalainn, ba cheart tagairt do nóta A a chur leis an iontráil.

(6) Ós rud é gur glacadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1434 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2023, níorbh fhéidir na nótaí a áirítear sa Rialachán sin a chur isteach i dTábla 3 d'Iarscríbhinn VI tráth a glacadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/849 ón gCoimisiún ([5]) agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/692 ón gCoimisiún ([6]) lenar cuireadh na hiontrálacha faoi seach le Tábla 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. Is gá, dá bhrí sin, na hiontrálacha a bhaineann le haigéad bórach; trí-ocsaíd débhóróin; heaptocsaíd déshóidiam teitreabóróin, hiodráit; teitreabóráit déshóidiam, ainhidriúil; aigéad ortabórach, salann sóidiam; deacaihiodráit teitreabóráite déshóidiam; agus teitreabóráit déshóidiam, peintihiodráit, a nuashonrú trí thagairt do nóta 11 a chur le gach ceann díobh. Is gá freisin an iontráil maidir le haigéad 2-eitilheicséanóch agus a shalainn a nuashonrú trí thagairt do nóta 12 agus do nóta X a chur leis an iontráil sin.

(7) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 a leasú dá réir sin.

(8) Níor cheart comhlíontacht leis na haicmithe comhchuibhithe athbhreithnithe a éileamh láithreach toisc go mbeidh roinnt ama ag teastáil ó sholáthróirí chun lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán a oiriúnú do na haicmithe comhchuibhithe athbhreithnithe agus chun stoic atá acu cheana de shubstaintí agus de mheascáin a dhíol. Chuirfeadh an tréimhse sin ar a gcumas do sholáthróirí freisin na gníomhaíochtaí is gá a dhéanamh chun comhlíontacht a áirithiú leis na ceanglais eile a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, arna leasú leis an Rialachán seo. Ba cheart, áfach, deis a bheith ag soláthróirí na haicmithe comhchuibhithe athbhreithnithe a chur i bhfeidhm, agus an lipéadú agus an pacáistiú a oiriúnú dá réir sin, ar bhonn deonach, ó dháta teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo chun ardleibhéal cosanta don tsláinte phoiblí agus don chomhshaol a áirithiú agus chun solúbthacht leordhóthanach a thabhairt do sholáthróirí,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008**

Leasaítear Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1 ón 1 Feabhra 2025.

([5]) IO L 188, 28.5.2021, lch. 27.
([6]) IO L 129, 3.5.2022, lch. 1.

Féadfaidh soláthróirí substaintí agus meascáin a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a aicmiú, a lipéadú agus a phacáistiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, arna leasú leis an Rialachán seo, ón 31 Iúil 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Bealtaine 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

I gCuid 3, Tábla 3, d'Iarscríbhinn VI, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas faoi seach in ionad na n-iontrálacha a chomhfhreagraíonn do na huimhreacha innéacs 005-007-00-2, 005-008-00-8, 005-011-00-4 agus 607-230-00-6:

| Uimh. Innéacs | Ainm Ceimiceach | Uimh. CE | Uimh. CAS | Aicmiú | | Lipéadú | | | Sainteorain-neacha tiúchana, M-fhach-tóirí agus ATE | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Aicme Ghuaise agus Cóid Chatagóire | Cóid don Ráiteas Guaise | Picteagram, Cóid don Fhocal Comhar-thaíochta | Cóid don Ráiteas Guaise | Cóid Fhorlíonta-cha don Ráiteas Guaise | | |
| “005-007-00-2 | aigéad bórach; [1]<br>aigéad bórach [2] | 233-139-2 [1]<br>234-343-4 [2] | 10043-35-3 [1]<br>11113-50-1 [2] | Atáirg. 1B | H360FD | GHS08<br>Dgr | H360FD | | | 11” |
| “005-008-00-8 | trí-ocsaíd débhóróin | 215-125-8 | 1303-86-2 | Atáirg. 1B | H360FD | GHS08<br>Dgr | H360FD | | | 11” |
| “005-011-00-4 | heaptocsaíd déshóidiam teitreabóróin, hiodráit; [1]<br>teitreabóráit déshóidiam, ainhidriúil; [2]<br>aigéad ortabórach, salann sóidiam; [3]<br>deacaihiodráit teitreabóráite déshóidiam; [4]<br>peintihiodráit teitreabóráite déshóidiam [5] | 235-541-3 [1]<br>215-540-4 [2]<br>237-560-2 [3]<br>215-540-4 [4]<br>215-540-4 [5] | 12267-73-1 [1]<br>1330-43-4 [2]<br>13840-56-7 [3]<br>1303-96-4 [4]<br>12179-04-3 [5] | Atáirg. 1B | H360FD | GHS08<br>Dgr | H360FD | | | 11” |
| “607-230-00-6 | aigéad 2-eitilheacsánóch agus a shalainn, seachas iad sin a shonraítear áit eile san Iarscríbhinn seo | - | - | Atáirg. 1B | H360D | GHS08<br>Dgr | H360D | | | A, X, 12”. |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1436 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10 Iúil 2023**

**maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí démhocsastróibin, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408 ón gCoimisiún**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 20(1) agus Airteagal 78(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2006/75/CE ón gCoimisiún ([2]) áiríodh démhocsastróibin mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([3]).

(2) De réir Airteagal 78(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([4]).

(3) Formheas na substainte gníomhaí démhocsastróibin, mar a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, rachaidh sé in éag an 31 Eanáir 2024.

(4) Cuireadh iarratas faoi bhráid na hUngáire, an Ballstát is rapóirtéir, agus faoi bhráid na hÉireann, an Ballstáit is comhrapóirtéir, chun formheas na substainte gníomhaí démhocsastróibin a athnuachan, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún ([5]) agus laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san Airteagal sin.

(5) Chuir an t-iarratasóir na sainchomhaid fhorlíontacha a cheanglaítear le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 faoi bhráid an Bhallstáit is rapóirtéir, an Bhallstáit is comhrapóirtéir, an Choimisiúin agus an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás'). Chinn an Ballstát is rapóirtéir an t-iarratas a bheith comhlánaithe ina iomláine.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) Treoir 2006/75/CE ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2006 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun démhocsastróibin a áireamh mar shubstaint ghníomhach (IO L 248, 12.9.2006, lch. 3).

([3]) Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26). Cuireadh Rialachán (AE) 2020/1740 in ionad an Rialacháin sin ach, mar sin féin, tá feidhm aige go fóill maidir leis an nós imeachta chun formheas substaintí gníomhacha a athnuachan: (1) ar substaintí gníomhacha iad a dtagann deireadh lena dtréimhse formheasa roimh an 27 Márta 2024; (2) ar substaintí gníomhacha iad dá gcuireann Rialachán síneadh lena dtréimhse formheasa go dtí an 27 Márta 2024 nó go dtí dáta níos déanaí, ar Rialachán é a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 an 27 Márta 2021 nó ina dhiaidh sin.

(6) D'ullmhaigh an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan i gcomhairle leis an mBallstát is comhrapóirtéir agus chuir sé faoi bhráid an Údaráis agus an Choimisiúin í an 1 Meán Fómhair 2017. Ina dhréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan mhol an Ballstát is rapóirtéir go ndéanfaí formheas na substainte gníomhaí démhocsastróibin a athnuachan.

(7) Chuir an tÚdarás an sainchomhad achomair forlíontach ar fáil go poiblí. Scaip an tÚdarás an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan ar an iarratasóir agus ar na Ballstáit freisin chun barúlacha a fháil uathu agus sheol sé comhairliúchán poiblí ina leith. Chuir an tÚdarás na barúlacha a fuarthas ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

(8) Rinne an tÚdarás comhairliúcháin le saineolaithe i réimse na tocsaineolaíochta mamaí, na cinniúna agus na hiompraíochta comhshaoil agus na héiceatocsaineolaíochta i mí Eanáir agus i mí an Mheithimh 2022. Mar thoradh ar na comhairliúcháin sin, shainaithin an tÚdarás ábhair imní, go háirithe a mhéid a bhaineann le héilliú screamhuisce ó mheitibilítí démhocsastróibine atá ábhartha ó thaobh na tocsaineolaíochta de.

(9) An 12 Lúnasa 2022, i bhfianaise an ábhair imní i ndáil le héilliú screamhuisce a shainaithin an tÚdarás, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás ráiteas a eisiúint ina bhfuil achoimre ar na príomhthorthaí uaidh a mhéid a bhaineann leis an measúnú ar an tsubstaint ghníomhach démhocsastróibin maidir lena cinniúint chomhshaoil, a hiompraíocht agus a héiceatocsaineolaíocht.

(10) An 11 Deireadh Fómhair 2022, chuir an tÚdarás an ráiteas sin in iúl don Choimisiún ([6]).

(11) Sa ráiteas uaidh, dheimhnigh an tÚdarás go bhfuil príomhréimse imní ann i ndáil le húsáidí ionadaíocha uile na substainte gníomhaí, go háirithe an riosca ard atá i gceist i gcás éilliú screamhuisce ó mheitibilítí démhocsastróibine atá ábhartha ó thaobh na tocsaineolaíochta de (505M08 agus 505M09) sna dálaí geo-aeráide uile a chumhdaítear sna cásanna maidir le measúnú ar screamhuisce.

(12) Chuir an Coimisiún a dhréacht-tuarascáil i láthair a mhéid a bhaineann le démhocsastróibin agus chuir sé dréacht den Rialachán seo faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 8 Nollaig 2022 agus an 25 Eanáir 2023, faoi seach.

(13) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha a chur isteach i leith an ráitis ón Údarás. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 14(1), an tríú fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, d'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha a chur isteach i leith na dréacht-tuarascála athnuachana. Chuir an t-iarratasóir a bharúlacha isteach, agus rinneadh scrúdú cúramach orthu.

(14) D'ainneoin na n-argóintí a rinne an t-iarratasóir, ní fhéadfaí an t-ábhar imní a bhaineann le cinniúint chomhshaoil, iompraíocht agus éiceatocsaineolaíocht démhocsastróibine a chur as an áireamh.

(15) Dá réir sin, níor suíodh go gcomhlíonann démhocsastróibin na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Dá bhrí sin, is iomchuí gan formheas na substainte gníomhaí sin a athnuachan.

(16) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.

---

([6]) ÚESB (An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2022. *Statement concerning the assessment of environmental fate and behaviour and ecotoxicology in the context of the pesticides peer review of the active substance dimoxystrobin* [Ráiteas maidir leis an measúnú ar an gcinniúint agus iompraíocht chomhshaoil agus ar an éiceatocsaineolaíocht i gcomhthéacs an athbhreithnithe phiaraí lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach démhocsastróibin]. *EFSA Journal* [Iris ÚESB] 2022; 20(11): e07634 https://doi.org/10.2903/j.efsa.2022.7634.

(17) I Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408 ón gCoimisiún ([7]), liostaíodh démhocsastróibin mar shubstaint atá le hionadú. I bhfianaise an neamh-athnuachana ar fhormheas démhocsastróibine, níl an liostú sin ábhartha a thuilleadh. Dá réir sin, ba cheart an iontráil le haghaidh démhocsastróibine a scriosadh ón Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408.

(18) Ba cheart am leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit údaruithe maidir le táirgí cosanta plandaí ina bhfuil démhocsastróibin a tharraingt siar.

(19) Maidir le táirgí cosanta plandaí ina bhfuil démhocsastróibin, i gcás ina ndeonóidh na Ballstáit tréimhse chairde i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, níor cheart an tréimhse sin a bheith níos faide ná 12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(20) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/115 ón gCoimisiún ([8]) cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na démhocsastróibine go dtí an 31 Eanáir 2024 chun go bhféadfar an próiseas athnuachana a chur i gcrích sula rachaidh an tréimhse formheasa in éag. Mar sin féin, ós rud é go ndearnadh cinneadh gan an formheas a athnuachan roimh dhul in éag na tréimhse formheasa sin ar cuireadh síneadh léi, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo tráth is luaithe ná an dáta sin.

(21) Leis an Rialachán seo ní chuirtear cosc ar iarratas eile a chur isteach maidir leis an tsubstaint ghníomhach démhocsastróibin a fhormheas de bhun Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(22) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí**

Ní dhéantar formheas na substainte gníomhaí démhocsastróibin a athnuachan.

*Airteagal 2*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011**

I gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, scriostar ró 128 maidir le démhocsastróibin.

*Airteagal 3*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/408**

Scriostar an iontráil le haghaidh démhocsastróibine san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408.

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408 ón gCoimisiún an 11 Márta 2015 maidir le cur chun feidhme Airteagal 80(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena mbunaítear liosta de shubstaintí a bhféadfaí ionadú a dhéanamh orthu (IO L 67, 12.3.2015, lch. 18).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/115 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2023 lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí démhocsastróibin (IO L 15, 17.1.2023, lch. 13).

*Airteagal 4*

**Bearta idirthréimhseacha**

Déanfaidh na Ballstáit na húdaruithe a tharraingt siar maidir le táirgí cosanta plandaí ina bhfuil démhocsastróibin mar shubstaint ghníomhach faoin 31 Eanáir 2024.

*Airteagal 5*

**Tréimhse chairde**

Aon tréimhse chairde a dheonaíonn na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, rachaidh sí in éag faoin 31 Iúil 2024.

*Airteagal 6*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Iúil 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

# TREORACHA

## TREOIR TARMLIGTHE (AE) 2023/1437 ÓN gCOIMISIÚN

**an 4 Bealtaine 2023**

**lena leasaítear, chun í a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine maidir le mearcair i dtrasduchtóirí brú leáite le haghaidh réiméadair ribeacha faoi choinníollacha áirithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(1), pointe (a), di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2011/65/AE ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh na substaintí guaiseacha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin i dtrealamh leictreach agus leictreonach a chuirtear ar an margadh. Níl feidhm ag an srian sin maidir le feidhmeanna díolmhaithe áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir sin.

(2) Liostaítear catagóirí an trealaimh leictrigh agus leictreonaigh a bhfuil feidhm ag Treoir 2011/65/AE ina leith in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin.

(3) Is substaint é mearcair a bhfuil srian air agus a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2011/65/AE.

(4) An 26 Aibreán 2021, fuair an Coimisiún iarratas a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Threoir 2011/65/AE maidir le díolúine a liostú in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir sin, i dtaca le mearcair i dtrasduchtóirí brú leáite le haghaidh réiméadair ribeacha ag teochtaí os cionn 300 °C agus ag brúnna os cionn 1 000 bar ("an díolúine a iarradh").

(5) Comhpháirteanna leictreacha atá sa trasduchtóir brú a úsáidtear, atá ionchorpraithe i réiméadair ribeacha, agus is gaireas tomhais leictreach faoi raon feidhme Threoir 2011/65/AE é. Tagann na réiméadair ribeacha a dtugtar tuairisc orthu sa díolúine a iarradh faoi chatagóir 9 "ionstraimí rialúcháin agus monatóireachta" d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2011/65/AE.

(6) Sa mheastóireacht a rinneadh ar an iarratas ar dhíolúine, a raibh staidéar measúnaithe teicniúil agus eolaíoch mar chuid di ([2]), thángthas ar an gconclúid gur dodhéanta go heolaíoch agus go teicniúil mearcair i dtrasduchtóirí brú leáite le haghaidh réiméadair ribeacha ag teochtaí os cionn 300 °C agus ag brúnna os cionn 1 000 bar a ionadú. Mar chuid den mheastóireacht, rinneadh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara mar a cheanglaítear le hAirteagal 5(7) de Threoir 2011/65/AE.

(7) Comhlíontar ceann de na coinníollacha ábhartha a shonraítear in Airteagal 5(1), pointe (a), de Threoir 2011/65/AE, is é sin gur dodhéanta go heolaíoch nó go teicniúil an díothú agus an t-ionadú a dhéanamh.

([1]) IO L 174, 1.7.2011, lch. 88.
([2]) Staidéar chun measúnú a dhéanamh ar iarrataí ar dhá (-2-) dhíolúine, maidir le mearcair i dtrasduchtóir brú agus DEHP i mbunábhar PVC, in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2011/65/AE (Pacáiste 25)

(8) Is iomchuí, dá bhrí sin, an díolúine a iarradh a dheonú trí na feidhmeanna a gcumhdaítear léi in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2011/65/AE a áireamh i dtaca le trealamh leictreach agus leictreonach i gcatagóir 9.

(9) Chun srianta ar tháirgí ar cuireadh mearcair leo amach anseo a chomhlíonadh faoi Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), is gá tréimhse bhailíochta na díolúine a theorannú go dtí an 31 Nollaig 2025. Socraítear an tréimhse i gcomhréir le hAirteagal 5(2), an chéad fhomhír de Threoir 2011/65/AE.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2011/65/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2011/65/AE mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

*Airteagal 2*

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 31 Eanáir 2024 ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 1 Feabhra 2024.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Bealtaine 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

---

([3]) Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le mearcair, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1102/2008 (IO L137, 24.5.2017, lch. 1).

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2011/65/AE, cuirtear an iontráil 49 seo a leanas isteach:

| | | |
|---|---|---|
| ‘49 | Mearcair i dtrasduchtóirí brú leáite le haghaidh réiméadair ribeacha ag teochtaí os cionn 300 °C agus ag brúnna os cionn 1 000 bar | Tá sé sin infheidhme maidir le catagóir 9 agus rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2025.’. |

**TREOIR CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1438 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10 Iúil 2023**

**lena leasaítear Treoracha 2003/90/CE agus 2003/91/CE a mhéid a bhaineann leis na prótacail chun scrúdú a dhéanamh ar chineálacha áirithe speiceas plandaí talmhaíochta agus speiceas glasraí**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2002/53/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an gcatalóg choiteann de chineálacha speiceas plandaí talmhaíochta ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(2), pointí (a) agus (b) de,

Ag féachaint do Threoir 2002/55/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síol glasraí a mhargú ([2]), agus go háirithe Airteagal 7(2), pointí (a) agus (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm do Threoracha 2003/90/CE ([3]) agus 2003/91/CE ón gCoimisiún ([4]) a áirithiú go gcomhlíonann na cineálacha speiceas plandaí talmhaíochta agus speiceas glasraí a chuireann na Ballstáit ina gcatalóga náisiúnta na prótacail a bhunaigh an Oifig Chomhphobail um Chineálacha Plandaí ('CPVO'). Go háirithe, is é is aidhm do na Treoracha sin a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha maidir leis na saintréithe atá le cumhdach mar choinníollacha íosta le haghaidh scrúdú a dhéanamh ar chineálacha áirithe speiceas plandaí talmhaíochta agus glasraí. I gcás na speiceas nach gcumhdaítear le prótacail CPVO, is é is aidhm do na Treoracha sin a áirithiú go gcomhlíonfar treoirlínte an Aontais Idirnáisiúnta um Chosaint Cineálacha nua Plandaí ('UPOV').

(2) Rinne CPVO agus UPOV prótacail atá ann cheana a mhéid a bhaineann le fíorchnáib, gairleog, cálráib siocaire duilleach, mealbhacán uisce agus tornapa a nuashonrú. Ba cheart na forbairtí sin a léiriú i ndlí an Aontais.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoracha 2003/90/CE agus 2003/91/CE a leasú dá réir.

(4) Ba cheart do na Ballstáit na rialacha nua a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024. Mar sin féin, ionas nach gcuirfear isteach ar scrúduithe oifigiúla, ba cheart feidhm a bheith ag an méid seo a leanas. I gcás cineálacha áirithe nár glacadh go fóill lena n-áireamh sa Chatalóg Choiteann de chineálacha de speicis plandaí talmhaíochta nó glasraí, ba cheart leanúint de na scrúduithe oifigiúla a cuireadh tús leo roimh an 1 Eanáir 2024 agus nach bhfuil tugtha chun críche go fóill a dhéanamh i gcomhréir le Treoir 2003/90/CE nó Treoir 2003/91/CE mar a bhí siad sular leasaíodh iad leis an Treoir seo.

([1]) IO L 193, 20.7.2002, lch. 1.

([2]) IO L 193, 20.7.2002, lch. 33.

([3]) Treoir 2003/90/CE ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2003 lena leagtar amach bearta cur chun feidhme chun críoch Airteagal 7 de Threoir 2002/53/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le saintréithe íosta atá le cumhdach leis an scrúdú agus na coinníollacha íosta le haghaidh scrúdú a dhéanamh ar chineálacha áirithe speiceas plandaí talmhaíochta (IO L 254, 8.10.2003, lch. 7).

([4]) Treoir 2003/91/CE ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2003 lena leagtar amach bearta cur chun feidhme chun críoch Airteagal 7 de Threoir 2002/55/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na saintréithe íosta atá le cumhdach leis an scrúdú agus na coinníollacha íosta le haghaidh scrúdú a dhéanamh ar chineálacha áirithe speiceas glasraí (IO L 254, 8.10.2003, lch. 11).

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Treoir seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Threoir 2003/90/CE**

Cuirtear an téacs a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2003/90/CE.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Threoir 2003/91/CE**

Cuirtear an téacs a leagtar amach i gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo in ionad na nIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 2003/91/CE.

*Airteagal 3*

**Trasuí**

1. Na dlíthe, rialúcháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 31 Nollaig 2023 ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl láithreach don Choimisiún. Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach chun tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 4*

**Bearta idirthréimhseacha**

I gcás scrúduithe oifigiúla ar chineálacha a cuireadh tús leo roimh an 1 Eanáir 2024 ach nach bhfuil tugtha chun críche go fóill, beidh feidhm ag Treoir 2003/90/CE agus Treoir 2003/91/CE mar a bhí sular leasaíodh iad leis an Treoir seo maidir leo.

*Airteagal 5*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 6*

**Seolaithe**

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Iúil 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**Cuid A**

*'IARSCRÍBHINN I*

**Liosta speiceas dá dtagraítear i bpointe (a) d' Airteagal 1(2), nach mór dóibh prótacail theicniúla CPVO a chomhlíonadh** (*)

| Ainm eolaíoch | Gnáthainm | Prótacal CPVO |
|---|---|---|
| *Dactylis glomerata* L. | Garbhfhéar | TP 31/1 an 25.3.2021 |
| *Festuca arundinacea* Schreb. | Feisciú ard | TP 39/1 an 1.10.2015 |
| *Festuca filiformis* Pourr. | Feisciú sléibhe | TP 67/1 an 23.6.2011 |
| *Festuca ovina* L. | Féar caorach | TP 67/1 an 23.6.2011 |
| *Festuca pratensis* Huds. | Feisciú móinéir | TP 39/1 an 1.10.2015 |
| *Festuca rubra* L. | Feisciú dearg | TP 67/1 an 23.6.2011 |
| *Festuca trachyphylla* (Hack.) Hack. | Feisciú crua | TP 67/1 an 23.6.2011 |
| *Lolium multiflorum* Lam. | Seagalach Iodálach ilbhláthach | TP 4/2 an 19.3.2019 |
| *Lolium perenne* L. | Seagalach bhuan | TP 4/2 an 19.3.2019 |
| *Lolium* x *hybridum* Hausskn. | Seagalach hibrideach | TP 4/2 an 19.3.2019 |
| *Medicago sativa* L. | Meidic na mbó | TP 6/1 Ceartaithe an 22.12.2021 |
| *Medicago* x *varia* T. Martyn | Meidic ghainimh | TP 6/1 Ceartaithe an 22.12.2021 |
| *Phleum nodosum* L. | Tiomóid bheag | TP 34/1 an 22.12.2021 |
| *Phleum pratense* L. | Tiomóid | TP 34/1 an 22.12.2021 |
| *Pisum sativum* L. (partim) | Pis mhachaire | TP 7/2 Athbhreithniú 3 Ceartaithe an 6.3.2020 |
| *Poa pratensis* L. | Cuise mín | TP 33/1 an 15.3.2017 |
| *Trifolium pratense* L. | Seamair dhearg | TP 5/1 an 22.12.2021 |
| *Vicia faba* L. | Pónaire mhachaire | TP 8/1 an 19.3.2019 |
| *Vicia sativa* L. | Peasair chapaill | TP 32/1 an 19.4.2016 |
| *Brassica napus* L. var. *napobrassica* (L.) Rchb. | Svaeid | TP 89/1 an 11.3.2015 |
| *Raphanus sativus* L. var. *oleiformis* Pers. | Raidis farae | TP 178/1 an 15.3.2017 |
| *Brassica napus* L. (partim) | Ráib svaeid | TP 36/3 an 21.4.2020 |
| *Cannabis sativa* L. | Fíorchnáib | TP 276/2 Athbhreithniú an 30.12.2022 |
| *Glycine max* (L.) Merr. | Pónaire shoighe | TP 80/1 an 15.3.2017 |
| *Gossypium* spp. | Cadás | TP 88/2 an 11.12.2020 |
| *Helianthus annuus* L. | Lus na gréine | TP 81/1 an 31.10.2002 |
| *Linum usitatissimum* L. | Líon/Ros lín | TP 57/2 an 19.3.2014 |
| *Sinapis alba* L. | Sceallagach | TP 179/1 an 15.3.2017 |

| | | |
|---|---|---|
| *Avena nuda* L. | Mionchoirce lom, coirce gan cháithleach | TP 20/3 an 6.3.2020 |
| *Avena sativa* L. (ina bhfuil *A. byzantina* K. Koch) | Coirce agus coirce dearg | TP 20/3 an 6.3.2020 |
| *Hordeum vulgare* L. | Eorna | TP 19/5 an 19.3.2019 |
| *Oryza sativa* L. | Rís | TP 16/3 an 1.10.2015 |
| *Secale cereale* L. | Seagal | TP 58/1 Athbhreithniú 2 Ceartaithe an 27.4.2022 |
| *Sorghum bicolor* (L.) Moench fospeiceas *bicolor* | Sorgam | TP 122/1 an 19.3.2019 |
| *Sorghum bicolor* (L.) Moench fospeiceas *drummondii* (Steud.) de Wet ex Davidse | Sorgam Súdánach | TP 122/1 an 19.3.2019 |
| *Sorghum bicolor* (L.) Moench fospeiceas *bicolor* x *Sorghum bicolor* (L.) Moench fospeiceas *drummondii* (Steud.) de Wet ex Davidse | Hibridí a eascraíonn as crosphórú *Sorghum bicolor* fospeiceas *bicolor* agus *Sorghum bicolor* fospeiceas *drummondii* | TP 122/1 an 19.3.2019 |
| *xTriticosecale* Wittm. ex A. Camus | Hibridí a eascraíonn as crosphórú speicis den ghéineas *Triticum* agus speicis den ghéineas *Secale* | TP 121/3 Ceartaithe an 27.4.2022 |
| *Triticum aestivum* L. fospeiceas *aestivum* | Cruithneacht | TP 3/5 an 19.3.2019 |
| *Triticum turgidum* L. fospeiceas *durum* (Desf.) van Slageren | Cruithneacht chrua (dúram) | TP 120/3 an 19.3.2014 |
| *Zea mays* L. (partim) | Arbhar Indiach | TP 2/3 an 11.3.2010 |
| *Solanum tuberosum* L. | Práta | TP 23/3 an 15.3.2017 |

(*) Tá téacs na bprótacal sin le fáil ar shuíomh gréasáin CPVO (www.cpvo.europa.eu).

*IARSCRÍBHINN II*

**Liosta speiceas dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 1(2), nach mór dóibh treoirlínte tástála UPOV a chomhlíonadh** (*)

| **Ainm eolaíoch** | **Gnáthainm** | **Treoirlíne UPOV** |
|---|---|---|
| *Beta vulgaris* L. | Biatas farae | TG/150/3 an 4.11.1994 |
| *Agrostis canina* L. | Feorainn shlim | TG/30/6 an 12.10.1990 |
| *Agrostis gigantea* Roth | Feorainn dhubh | TG/30/6 an 12.10.1990 |
| *Agrostis stolonifera* L. | Muiríneach reatha | TG/30/6 an 12.10.1990 |
| *Agrostis capillaris* L. | Feorainn mhín | TG/30/6 an 12.10.1990 |
| *Bromus catharticus* Vahl | Brómas machaire | TG/180/3 an 4.4.2001 |
| *Bromus sitchensis* Trin. | Brómas Alascach | TG/180/3 an 4.4.2001 |
| *xFestulolium* Asch. et Graebn. | Hibridí a eascraíonn as crosphórú speicis den ghéineas *Festuca* agus speicis den ghéineas *Lolium* | TG/243/1 an 9.4.2008 |
| *Lotus corniculatus* L. | Crobh éin | TG/193/1 an 9.4.2008 |
| *Lupinus albus* L. | Lúipín bán | TG/66/4 an 31.3.2004 |
| *Lupinus angustifolius* L. | Lúipín caol | TG/66/4 an 31.3.2004 |
| *Lupinus luteus* L. | Lúipín buí | TG/66/4 an 31.3.2004 |
| *Medicago doliata* Carmign. | Meidic spíondíreach | TG/228/1 an 5.4.2006 |
| *Medicago italica* (Mill.) Fiori | Meidic dhioscach | TG/228/1 an 5.4.2006 |
| *Medicago littoralis* Rohde ex Loisel. | Meidic chladaigh/Meidic thrá | TG/228/1 an 5.4.2006 |
| *Medicago lupulina* L. | Triuf | TG/228/1 an 5.4.2006 |
| *Medicago murex* Willd. | Meidic spíonach | TG/228/1 an 5.4.2006 |
| *Medicago polymorpha* L. | Meidic leadánach | TG/228/1 an 5.4.2006 |
| *Medicago rugosa* Desr. | Meidic rocach | TG/228/1 an 5.4.2006 |
| *Medicago scutellata* (L.) Mill. | Meidic sheilide/Meidic scéithe | TG/228/1 an 5.4.2006 |
| *Medicago truncatula* Gaertn. | Meidic bharrscoite | TG/228/1 an 5.4.2006 |
| *Trifolium repens* L. | Seamair bhán | TG/38/7 an 9.4.2003 |
| *Trifolium subterraneum* L. | Seamair faoi thalamh | TG/170/3 an 4.4.2001 |
| *Phacelia tanacetifolia* Benth. | Cloigín gorm Calafoirniach | TG/319/1 an 5.4.2017 |
| *Arachis hypogaea* L. | Pis talún | TG/93/4 an 9.4.2014 |
| *Brassica juncea* (L.) Czern | Praiseach dhonn | TG/335/1 an 17.12.2020 |
| *Brassica rapa* L. var. *silvestris* (Lam.) Briggs | Ráib tornapa | TG/185/3 an 17.4.2002 |
| *Carthamus tinctorius* L. | Cróch bréige | TG/134/3 an 12.10.1990 |
| *Papaver somniferum* L. | Poipín | TG/166/4 an 9.4.2014 |

(*) Tá téacs na dtreoirlínte sin le fáil ar shuíomh gréasáin UPOV (www.upov.int)"

**Cuid B**

*'IARSCRÍBHINN I*

**Liosta speiceas dá dtagraítear i bpointe (a) d' Airteagal 1(2), nach mór dóibh prótacail theicniúla CPVO a chomhlíonadh** (*)

| Ainm eolaíoch | Gnáthainm | Prótacal CPVO |
|---|---|---|
| *Allium cepa* L. (grúpa Cepa) | Oinniún agus Scailliún | TP 46/2 an 1.4.2009 |
| *Allium cepa* L. (grúpa Aggregatum) | Seallóid | TP 46/2 an 1.4.2009 |
| *Allium fistulosum* L. | Ciobúl | TP 161/1 an 11.3.2010 |
| *Ailliam porrum* L. | Cainneann | TP 85/2 an 1.4.2009 |
| *Allium sativum* L. | Gairleog | TP 162/2 an 30.5.2023 |
| *Allium schoenoprasum* L. | Síobhas | TP 198/2 an 11.3.2015 |
| *Apium graveolens* L. | Soilire | TP 82/1 an 13.3.2008 |
| *Apium graveolens* L. | Soiliriac | TP 74/1 an 13.3.2008 |
| *Asparagus officinalis* L. | Lus súgach | TP 130/2 an 16.2.2011 |
| *Beta vulgaris* L. | Biatas lena n-áirítear biatas Cheltenham | TP 60/1 an 1.4.2009 |
| *Beta vulgaris* L. | Biatas bán nó Seardas | TP 106/2 an 14.4.2021 |
| *Brassica oleracea* L. | Cál catach | TP 90/1 an 16.2.2011 |
| *Brassica oleracea* L. | Cóilis | TP 45/2 Athbhreithniú 2 an 21.3.2018 |
| *Brassica oleracea* L. | Brocailí nó brocailí Calabrach | TP 151/2 Athbhreithniú 2 an 21.4.2020 |
| *Brassica oleracea* L. | Bachlóga Bruiséile | TP 54/2 Athbhreithniú an 15.3.2017 |
| *Brassica oleracea* L. | Cálráib | TP 65/2 an 30.5.2023 |
| *Brassica oleracea* L. | Cabáiste saváí, cabáiste bán agus cabáiste dearg | TP 48/3 Athbhreithniú 2 an 25.3.2021 |
| *Brassica rapa* L. | Cabáiste Síneach | TP 105/1 an 13.3.2008 |
| *Capsicum annuum* L. | Sillí nó piobar | TP 76/2 Athbhreithniú 2 Ceartaithe an 21.4.2020 |
| *Cichorium endivia* L. | Searbhán cas agus searbhán muc | TP 118/3 an 19.3.2014 |
| *Cichorium intybus* L. | Siocaire tionsclaíoch | TP 172/2 an 1.12.2005 |
| *Cichorium intybus* L. | Siocaire duilleach | TP 154/2 Athbhreithniú an 31.3.2023 |
| *Cichorium intybus* L. | Siocaire bánduille | TP 173/2 an 21.3.2018 |
| *Citrullus lanatus* (Thunb.) Matsum. et Nakai | Mealbhacán uisce | TP 142/2 Athbhreithniú 2 an 31.3.2023 |
| *Cucumis melo* L. | Mealbhacán | TP 104/2 Athbhreithniú 2 Ceartaithe an 25.3.2021 |
| *Cucumis sativus* L. | Cúcamar agus gircín | TP 61/2 Athbhreithniú 2 an 19.3.2019 |
| *Cucurbita maxima* Duchesne | Gurd | TP 155/1 an 11.3.2015 |

| | | |
|---|---|---|
| *Cucurbita pepo* L. | Mearóg nó cúirséad | TP 119/1 Athbhreithniú an 19.3.2014 |
| *Cynara cardunculus* L. | Bliosán cruinn agus cardún | TP 184/2 Athbhreithniú an 6.3.2020 |
| *Daucus carota* L. | Cairéad agus cairéad farae | TP 49/3 Ceartaithe an 13.3.2008 |
| *Foeniculum vulgare* Mill. | Finéal | TP 183/2 an 14.4.2021 |
| *Lactuca sativa* L. | Leitís | TP 13/6 Athbhreithniú 3 an 27.4.2022 |
| *Solanum lycopersicum* L. | Tráta | TP 44/4 Athbhreithniú 5 an 14.4.2021 |
| *Petroselinum crispum* (Mill.) Nyman ex A. W. Hill | Peirsil | TP 136/1 Ceartaithe an 21.3.2007 |
| *Phaseolus coccineus* L. | Pónaire reatha | TP 9/1 an 21.3.2007 |
| *Phaseolus vulgaris* L. | Mionphónaire fhrancach agus pónaire fhrancach dhreaptha | TP 12/4 an 27.2.2013 |
| *Pisum sativum* L. (partim) | Pis rocach, pis chruinn agus pis mhilis | TP 7/2 Athbhreithniú 3 Ceartaithe an 6.3.2020 |
| *Raphanus sativus* L. | Raidis, meacan dubh | TP 64/2 Athbhreithniú Ceartaithe an 11.3.2015 |
| *Rheum rhabarbarum* L | Biabhóg | TP 62/1 an 19.4.2016 |
| *Scorzonera hispanica* L. | Salsabh dubh | TP 116/1 an 11.3.2015 |
| *Solanum melongena* L. | Ubhthoradh | TP 117/1 an 13.3.2008 |
| *Spinacia oleracea* L. | Spionáiste | TP 55/5 Athbhreithniú 4 an 27.4.2022 |
| *Valerianella locusta* (L.) Laterr. | Sailéad uain nó ceathrú uain | TP 75/2 an 21.3.2007 |
| *Vicia faba* L. (partim) | Pónaire leathan | TP 206/1 an 25.3.2004 |
| *Zea mays* L. (partim) | Grán milis agus grán rósta | TP 2/3 an 11.3.2010 |
| *Solanum habrochaites* S. Knapp & D.M. Spooner; *Solanum lycopersicum* L. x *Solanum habrochaites* S. Knapp & D.M. Spooner; *Solanum lycopersicum* L. x *Solanum peruvianum* (L.) Mill.; *Solanum lycopersicum* L. x *Solanum cheesmaniae* (L. Ridley) Fosberg; *Solanum pimpinellifolium* L. x *Solanum habrochaites* S. Knapp & D.M. Spooner | Fréamhstoic trátaí | TP 294/1 Athbhreithniú 5 an 14.4.2021 |
| *Cucurbita maxima* Duchesne x *Cucurbita moschata* Duchesne | Hibridí idirspeiceasacha de *Cucurbita maxima* Duchesne x *Cucurbita moschata* Duchesne lena n-úsáid mar fhréamhstoic | TP 311/1 an 15.3.2017 |

(*) Tá téacs na bprótacal sin le fáil ar shuíomh gréasáin CPVO (www.cpvo.europa.eu).

*IARSCRÍBHINN II*

**Liosta speiceas dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 1(2), nach mór dóibh treoirlínte tástála UPOV a chomhlíonadh** (*)

| Ainm eolaíoch | Gnáthainm | Treoirlíne UPOV |
|---|---|---|
| *Brassica rapa* L. | Tornapa | TG/37/11 an 23.9.2022 |

(*) Tá téacs na dtreoirlínte sin le fáil ar shuíomh gréasáin UPOV (www.upov.int)."

# CINNTÍ

**CINNEADH (CBES) 2023/1439 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 10 Iúil 2023**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1333 ([1]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia.

(2) I Rún 2292 (2016) uaithi, d'údaraigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Stáit, ag gníomhú dóibh go náisiúnta nó trí eagraíochtaí réigiúnacha, cigireacht a dhéanamh ar shoithí ar an mórmhuir amach ó chósta na Libia i gcás ina mbeidh forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil airm nó ábhar gaolmhar á n-iompar acu chuig an Libia nó ón Libia, go díreach nó go hindíreach, de shárú ar thrádbhac arm na Náisiún Aontaithe ar an Libia agus chinn sí go ndéanfaidh Stáit, a luaithe a aimseofar ítimí arna dtoirmeasc leis an trádbhac arm ar an Libia le linn na gcigireachtaí sin, na hítimí sin a urghabháil agus a dhiúscairt.

(3) Le Cinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle ([2]), foráiltear go bhfuil sé de phríomhchúram ar oibríocht chabhlaigh an Aontais EUNAVFOR MED IRINI rannchuidiú le trádbhac arm na Náisiún Aontaithe ar an Libia a chur i bhfeidhm.

(4) Chun na críche sin, foráiltear le hAirteagal 2(3) de Chinneadh (CBES) 2020/472, i gcomhréir leis na Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, go háirithe Rún 2292 (2016) uaithi, agus de réir mar a cheanglaítear sin, go ndéanfaidh EUNAVFOR MED IRINI cigireachtaí, laistigh den Limistéar Oibríochtaí arna chomhaontú ar an mórmhuir amach ó chósta na Libia, ar shoithí atá ag triall ar an Libia nó ag teacht uaithi i gcás ina mbeidh forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil airm nó ábhar gaolmhar á n-iompar ag na soithí sin chuig an Libia nó ón Libia, go díreach nó go hindíreach, de shárú ar an trádbhac arm ar an Libia, agus go bhfuil EUNAVFOR MED IRINI le gníomhaíocht ábhartha a dhéanamh chun na hítimí sin a urghabháil agus a dhiúscairt.

(5) Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 2(5) de Chinneadh (CBES) 2020/472, i bhfianaise na gceanglas oibríochtúil eisceachtúil, agus arna iarraidh sin do Bhallstát, go bhféadfaidh EUNAVFOR MED IRINI soithí a atreorú chuig calafoirt an Bhallstáit sin agus airm agus ábhar gaolmhar atá urghafa aige a dhiúscairt, lena n-áirítear trína stóráil, trína scriosadh nó trína n-aistriú chuig Ballstát nó chuig tríú páirtí. Foráiltear leis freisin go bhféadfar diúscairt na n-arm agus an ábhair ghaolmhair arna n-urghabháil a bhaint amach le cúnamh ó Bhallstát, a gheallfaidh na nósanna imeachta riachtanacha a chur i gcríoch a luaithe is féidir le go mbeifear in ann na hítimí arna n-urghabháil a dhiúscairt, faoi chuimsiú an dlí agus na nósanna imeachta is infheidhme.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, forálacha ábhartha a thabhairt isteach chun foráil a dhéanamh go gceanglófar ar an mBallstát sin na bearta is gá a dhéanamh chun an diúscairt a éascú thar ceann EUNAVFOR MED IRINI, is é sin an diúscairt arm agus ábhair ghaolmhair arna n-urghabháil ag EUNAVFOR MED IRINI ar an mórmhuir i gcomhréir lena shainordú.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2015/1333 a leasú dá réir,

([1]) Cinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES (IO L 206, 1.8.2015, lch. 34).

([2]) Cinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) (IO L 101 1.4.2020, lch. 4).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach i gCinneadh (CBES) 2015/1333:

'*Airteagal 5a*

1. I gcomhréir le Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún a bhaineann leis an Libia, go háirithe Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún agus Rún 2292 (2016) ó Chomhairle Slándála na Náisiún, cuirfear toirmeasc ar shoithí a bhfuil bratach tríú tír ar foluain acu, atá ag triall ar an Libia, nó ag teacht uaithi airm nó ábhar gaolmhar a iompar, lena n-áirítear earraí agus teicneolaíocht a chumhdaítear le Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais, chuig an Libia nó uaithi, go díreach nó go hindíreach, ar an mórmhuir amach ó chósta na Libia, de shárú ar an trádbhac arm arna bhunú le Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

2. Maidir le Ballstát a thugann cúnamh do EUNAVFOR MED IRINI i gcomhréir le hAirteagal 2(5) de Chinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle (*), déanfaidh sé na bearta is gá chun airm nó ábhar gaolmhar a dhiúscairt thar ceann EUNAVFOR MED IRINI, lena n-áirítear earraí agus teicneolaíocht a chumhdaítear le Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais, arna n-urghabháil ag EUNAVFOR MED IRINI ar an mórmhuir de bhun Airteagal 2(3) den Chinneadh sin.

3. Féadfar an diúscairt dá dtagraítear i mír 2 a dhéanamh, go háirithe, trí na hítimí sin a scriosadh, rud a chuirfeadh as feidhm iad, nó trína n-úsáid a cheadú, lena n-áirítear úsáid arna baint astu ag tríú páirtí, agus an tráth céanna, cosc a chur ar a n-aistriú ina dhiaidh sin chuig an Libia nó chuig aon tríú tír eile a ndéantar aistriú arm nó ábhair ghaolmhair chuici a thoirmeasc.

(*) Cinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) (IO L 101, 1.4.2020, lch. 4).'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Iúil 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
P. NAVARRO RÍOS

**CINNEADH (CBES) 2023/1440 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 10 Iúil 2023**

**maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Ghána**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle [1], bunaítear an tSaoráid Eorpach Síochána (SES) chun go maoineodh Ballstáit an Aontais gníomhaíochtaí faoin gcomhbheartas eachtrach agus slándála (CBES) chun an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú de bhun Airteagal 21(2), pointe (c), den Chonradh. Go háirithe, de bhun Airteagal 1(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509, tá SES le húsáid chun bearta cúnaimh a mhaoiniú amhail gníomhaíochtaí chun acmhainneachtaí a bhaineann le cúrsaí míleata agus cosanta atá ag tríú Stáit agus eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta a neartú.

(2) Tá dálaí slándála ag dul in olcas i réigiúin thuaidh thíortha cósta Mhurascaill na Guine, eadhon Gána, an Cósta Eabhair, Beinin, agus Tóga, de dheasca na géarchéime atá ag déanamh difear do lár na Saiheile.

(3) I bhfianaise an timpeallacht slándála a bheith ag dul in olcas, tá sé tábhachtach go ndéanfaí na fórsaí cosanta agus slándála a neartú chun iarrachtaí cobhsaíochta a chumasú agus a thacú i nGána. Sa chomhthéacs sin, agus é go hiomlán ar an eolas go bhfuil gá le freagairt chomhtháite sa chás seo, is príomhthosaíocht de chuid an Aontais é an tsíocháin agus an tslándáil fhadtéarmach i nGána.

(4) An 5 Bealtaine 2023, fuair Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála iarraidh ó Ghána ar an Aontas cúnamh a thabhairt d'Fhórsaí Armtha Ghána maidir le trealamh tábhachtach a sholáthar chun cumas oibríochtúil na n-aonad míleata arna imscaradh i dtuaisceart na tíre a neartú le haghaidh grúpaí armtha a chomhrac agus gníomhú i gcoinne na ndeiseanna atá ag na grúpaí sin ionsaithe sceimhlitheoireachta a dhéanamh agus na deiseanna sin a laghdú.

(5) Tá na bearta cúnaimh le cur chun feidhme agus na prionsabail agus na ceanglais a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2021/509 á gcur san áireamh, go háirithe comhlíonadh Chomhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle [2], agus i gcomhréir leis na rialacha maidir le hioncam agus caiteachas arna maoiniú faoi SES a chur chun feidhme.

(6) Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil rún daingean aici cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus prionsabail dhaonlathacha a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh, agus an smacht reachta agus an dea-rialachas a neartú, i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe, le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Bunú, cuspóir, raon feidhme agus ré**

1. Leis seo, bunaítear beart cúnaimh a rachaidh chun tairbhe Ghána ('an tairbhí'), atá le maoiniú faoin tSaoráid Eorpach Síochána (SES) ('an beart cúnaimh').

---

[1] Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Síochána Eorpach, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14).

[2] Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainmhínítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairithe trealaimh agus teicneolaíochta míleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99).

2. Is é is cuspóir don bheart cúnaimh feabhas a chur ar chumas Fhórsaí Armtha Ghána chun iomláine chríochach agus ceannasacht Ghána agus a phobal sibhialta a chosaint ar fhogha inmheánach agus seachtrach agus rannchuidiú leis an tsíocháin agus leis an gcobhsaíocht laistigh den réigiún.

3. Chun an cuspóir a leagtar amach i mír 2 a bhaint amach, maoineofar leis an mbeart cúnaimh na cineálacha trealaimh seo a leanas nach bhfuil deartha chun fórsa marfach a thabhairt:

(a) trealamh faisnéise agus faireachais;

(b) córais cogaíochta leictreonaí;

(c) trealamh innealtóireachta míleata;

(d) trealamh abhann;

(e) trealamh diúscartha ordanáis phléascaigh.

4. Leis an mbeart cúnaimh, maoineofar aistriú 105 fheithicil mhíleata chuig Gána a urghabhadh le linn Oibríocht EUNAVFOR MED IRINI ar bord an tsoithigh trádála MV Victory RoRo an 18 Iúil 2022 de shárú an tsoithigh sin ar thrádbhac arm na Náisiún Aontaithe ar an Libia.

5. Mairfidh an beart cúnaimh 30 mí ó dháta glactha an Chinnidh seo.

*Airteagal 2*

**Socruithe airgeadais**

1. EUR 8 250 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann leis an mbeart cúnaimh a chumhdach.

2. Déanfar an caiteachas go léir a bhainistiú i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509 agus leis na rialacha maidir le hioncam agus caiteachas arna maoiniú faoi SES a chur chun feidhme.

3. Beidh caiteachas a bhaineann le cur chun feidhme an bhirt cúnaimh incháilithe ó dháta glactha an Chinnidh seo.

*Airteagal 3*

**Socruithe leis an tairbhí**

1. Déanfaidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') na socruithe is gá leis an tairbhí chun a áirithiú go gcomhlíonann sé na ceanglais agus na coinníollacha arna mbunú leis an gCinneadh seo, mar choinníoll chun tacaíocht a sholáthar faoin mbeart cúnaimh.

2. Áireofar ar na socruithe dá dtagraítear i mír 1 forálacha lena gcuirtear d'oibleagáid ar an tairbhí an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go gcomhlíonfaidh Fórsaí Armtha Ghána an dlí idirnáisiúnta ábhartha, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta;

(b) go mbainfear úsáid chuí agus éifeachtúil as aon sócmhainní a chuirfear ar fáil faoin mbeart cúnaimh chun na gcríoch dár soláthraíodh iad;

(c) go ndéanfar cothabháil leordhóthanach ar aon sócmhainní a chuirfear ar fáil faoin mbeart cúnaimh chun a áirithiú go mbeidh siad inúsáidte agus go mbeidh siad ar fáil go hoibríochtúil i gcaitheamh a saolré;

(d) nach gcaillfear aon sócmhainní a chuirfear ar fáil faoin mbeart cúnaimh, ná nach n-aistreofar iad gan toiliú ón gCoiste um an tSaoráid arna bhunú faoi Chinneadh (CBES) 2021/509 chuig aon duine nó eintiteas seachas chucu siúd a shainaithnítear sna socruithe sin, ag deireadh a saolré.

3. Áireofar ar na socruithe dá dtagraítear i mír 1 forálacha maidir le tacaíocht a fhionraí agus a fhoirceannadh faoin mbeart cúnaimh i gcás ina suífear go bhfuil na hoibleagáidí dá dtagraítear i mír 2 á sárú ag an tairbhí.

*Airteagal 4*

**Cur chun feidhme**

1. Beidh an tArdionadaí freagrach as a áirithiú go gcuirfear an Cinneadh seo chun feidhme i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509, agus leis na rialacha maidir le hioncam agus caiteachas faoi SES a chur chun feidhme, i gcomhréir leis an gCreat Modheolaíochta Comhtháite chun na bearta agus na rialuithe atá riachtanach le haghaidh bearta cúnaimh faoi SES a mheasúnú agus a shainaithint.

2. Is é an riarthóir um bearta cúnaimh a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(3) a chur chun feidhme, trí shocrú riaracháin leis an *Economat des Armées* i gcomhréir le hAirteagal 37 de Chinneadh (CBES) 2021/509.

*Airteagal 5*

**Faireachán, rialú agus meastóireacht**

1. Fairfidh an tArdionadaí go mbeidh na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 3 á gcomhlíonadh ag an tairbhí. Úsáidfear an faireachán sin chun feasacht a mhúscailt ar an gcomhthéacs agus ar na rioscaí a ghabhann le sárú na n-oibleagáidí arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 3, agus chun cuidiú le sáruithe den sórt sin a chosc, lena n-airítear sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta arna ndéanamh ag Fórsaí Armtha Ghána.

2. Déanfar rialú an trealaimh agus na soláthairtí tar éis a loingsithe a eagrú mar a leanas:

(a) fíorú ar a seachadadh, trína bhfuil na fórsaí, arb iad na húsáideoirí deiridh iad, le deimhnithe seachadta SES a shíniú tráth a aistreofar úinéireacht;

(b) tuairisciú a dhéanamh, trína bhfuil an tairbhí le tuairisciú go bliantúil ar na gníomhaíochtaí arna ndéanamh leis an trealamh arna sholáthar faoin mbeart cúnaimh agus ar fhardal na míreanna ainmnithe, de réir mar is ábhartha, go dtí go measfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) nach bhfuil gá leis an tuairisciú sin a thuilleadh;

(c) cigireachtaí ar an láthair, nuair atá an tairbhí le rochtain a dheonú don Ardionadaí chun rialú ar an láthair a dhéanamh arna iarraidh sin dó.

3. Déanfaidh an tArdionadaí meastóireacht deiridh ar an mbeart cúnaimh a thabhairt chun críche chun a mheas ar rannchuidigh an beart cúnaimh leis na cuspóirí a luaitear in Airteagal 1(2) a bhaint amach.

*Airteagal 6*

**Tuairisciú**

Le linn na tréimhse cur chun feidhme, soláthróidh an tArdionadaí tuarascálacha do CPS gach 6 mhí maidir le cur chun feidhme an bhirt cúnaimh, i gcomhréir le hAirteagal 63 de Chinneadh (CBES) 2021/509. Cuirfidh an riarthóir um bearta cúnaimh an Coiste um an tSaoráid arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 ar an eolas go tráthrialta i ndáil le cur chun feidhme ioncaim agus caiteachais i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chinneadh sin, lena n-áirítear trí fhaisnéis faoi na soláthraithe agus na fochonraitheoirí lena mbaineann a sholáthar.

*Airteagal 7*

**Fionraí agus foirceannadh**

1. Féadfaidh CPS cinneadh a dhéanamh cur chun feidhme an bhirt cúnaimh a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach i gcomhréir le hAirteagal 64 de Chinneadh (CBES) 2021/509.

2. Féadfaidh CPS a mholadh don Chomhairle go bhfoirceannfaí an beart cúnaimh freisin.

*Airteagal 8*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Iúil 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
P. NAVARRO RÍOS

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA